Cuntas Leithreasa 2017

# Vóta 3

# Oifig an Ard-Aighne

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 3, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I dtaca leis an riachtanas seo, tá cuntas ullmhaithe agus ceangailte agam leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Ard-Aighne, agus deontas san áireamh.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2017, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachais don bhliain.

Dlitear farasbarr €1.03 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Feidhmíodh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le táirgeadh cuntas leithreasaithe nuair a bhí an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don Chóras Rialaithe Inmheánach Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Ard-Stiúrthóir. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánach airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Dearbhú maidir le Seirbhísí Comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe um bainistíocht seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhís chomhroinnte um párolla agus acmhainní daonna a sholáthar.

Tá mé ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte go gcuirtear rialaithe iomchuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh freagracht do bainistíocht airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchta ann le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais
- tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, go bhfuil

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta á dhéanamh ag lucht bainistithe sinsearach ar thuarascáil airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus go gcloítear le disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.

Cinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Faoi mar a éilítear ag ciorclán 40/2002 de chuid Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tá tuarascáil curtha faoi bhráid agam faoi sholáthair i 2017 nach raibh bunaithe ar phróisis tairisceana iomaíche, ar luach iomlán €389,911. Bhí mar chuid de sin:

- €73,851 (2 chonradh) caite ar sheirbhísí síntiúis nach raibh ar fáil trí idirghabhálaithe
- €95,923 (2 chonradh) caite ar sheirbhísí bainistithe cáis agus taifid a chuireadh ar fáil ag soláthróirí aonair
- €28,604 (1 chonradh) caite ar sheirbhísí bainistíochta airgeadais a chuireadh ar fáil ag soláthróirí aonair
- €147,096 (1 chonradh) caite ar sheirbhísí parlaiminteacha a bhí neamhchomhlíontach leis na rialacha soláthair
- €44,437 (1 chonradh) caite ar sheirbhísí dhréachtáil reachtaíochta arna soláthar ag soláthróirí aonair

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig trí chonradh le gnólacht iniúchta gairmiúil le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar athbreithniú ar an bhfeidhm inmheánach iniúchta ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

Bhí feidhm iniúchta inmheánaigh don Oifig i bhfeidhm le linn 2017. Tharraing an soláthraí conraithe siar ón gconradh, áfach, ó dheireadh Mheán Fómhair 2017. Cuireadh próiseas soláthair chun feidhme ag deireadh 2017 tríd an gCreat OGP (an Oifig um Sholáthar Rialtais) agus ceapadh soláthraí nua i Nollaig 2017 le haghaidh théarma 3 bliana agus an rogha ann de shíneadh 12 mhí ar dhá ócáid.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig a aithníonn agus a thuairiscíonn príomh rioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta tógtha le tabhairt fúthu agus, don méid agus is féidir, na rioscaí seo a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomh rioscaí atá os comhair na hOifige agus aithnítear, meastar agus grádaítear iad de réir a tábhachta. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár ag an mBord Bainistíochta (BB) go ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialaithe agus gníomhaíochtaí is gá le rioscaí a mhaolú agus leagann sé cúram rialaithe ar bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don BB, áit is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil príomh rioscaí agus na rialaithe bainteach aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar na príomh rialaithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánach airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreat rialaithe inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna Rialaithe Inmheánacha Airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí san rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2017, ba chúis le, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**Damien Ó Maoldomhnaigh**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Aighne

27 Márta 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le hOifig an Ard-Aighne agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

12 Meán Fómhair 2018

# Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne
# Cuntas Leithreasa 2017

| | | 2017 | 2017 | 2016 |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| | | **Soláthar mheastachháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas chláir** | | | | |
| A | Seachadadh seirbhísí gairmiúla dlí don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí | 15,666 | 14,540 | 14,221 |
| | **Ollchaiteachas** | **15,666** | **14,540** | **14,221** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **766** | **668** | **743** |
| | **Glanchaiteachas** | **14,900** | **13,872** | **13,478** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime fheidhmithe faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2017 | 2016 |
| --- | --- | --- |
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **1,028,105** | **1,216,801** |

**Damien Ó Maoldomhnaigh**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Aighne

27 Márta 2018

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas chláir | | 2,187 | 2,033 |
| Pá | | 10,463 | 10,283 |
| Neamhpá | | 1,890 | 1,905 |
| **Ollchaiteachas** | | **14,540** | **14,221** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **668** | **743** |
| **Glanchaiteachas** | | **13,872** | **13,478** |
| **Athraithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (132) | | |
| Dímheas | 192 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairt | 1 | | |
| | | 61 | 14 |
| **Athraithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | (15) | | |
| Méadú ar stoc | (3) | | |
| | | (18) | (31) |
| **Caiteachas díreach** | | **13,915** | **13,461** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 2,504 | 1,367 |
| Measchíosanna | | 727 | 727 |
| **Costas chláir ghlan** | | **17,146** | **15,555** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas faoi Vóta 3 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | m | 1,984 | 909 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 164 | 106 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | m | 18 | 17 |
| Lárchiste - Pinsin maidir le iarArd-Aighní | | 338 | 335 |
| | | **2,504** | **1,367** |

Tugann “m” le fios gur luach measta nó costas cionroinnte an uimhir.

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 391 | 451 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.4 | 36 | 33 |
| Réamhíocaíochtaí | | 215 | 197 |
| Ioncam fabhraithe | | 2 | — |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 92 | 112 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.7 | 8 | (72) |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **353** | **270** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 59 | (393) |
| Costais fhabhraithe | | 73 | 67 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 41 | 433 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **173** | **107** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 180 | 163 |
| **Glansócmhainní** | | **571** | **614** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú stáit** | 2.1 | **571** | **614** |

### 2.1 Cuntas maoiniú stáit

| | Nóta | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 614 | 597 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 14,900 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (1,028) | | |
| Vóta glan | | | 13,872 | 13,478 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 2,504 | 1,367 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | | 727 | 727 |
| Costas chláir ghlan | 1 | | (17,146) | (15,555) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **571** | **614** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil faoi fhorbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2017 | 4,752 | 1,680 | 30 | 6,462 |
| Breiseanna | 128 | 4 | — | 132 |
| Diúscairtí | (24) | (3) | — | (27) |
| Curtha in úsáid | 30 | — | (30) | — |
| Coigeartú* | 2 | 2 | — | 4 |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017 | **4,888** | **1,683** | **—** | **6,571** |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017 | 4,434 | 1,577 | — | 6,011 |
| Dímheas don bhliain | 165 | 27 | — | 192 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (24) | (2) | — | (26) |
| Coigeartú | 2 | 1 | — | 3 |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2017 | **4,577** | **1,603** | **—** | **6,180** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017** | **311** | **80** | **—** | **391** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016 | 318 | 103 | 30 | 451 |

*Baineann an coigeartú le grúpaí sócmhainní, dar luach níos lú ná €1,000 ar bhonn aonair dóibh, a ndearnadh cuid acu a dhiúscairt i 2017

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid an Phámháistir Ghinearálta | (61) | 393 |
| Iarmhéid chuntas bhainc thráchtála | 2 | — |
| | **(59)** | **393** |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 16 | 15 |
| Ábhair inchaite TF | 20 | 18 |
| | **36** | **33** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 38 | 38 |
| Comhchostais in-fhorchúiteacha | 4 | — |
| Cuntas rialaithe tuarastail | — | 14 |
| Scéim pas taistil | 48 | 55 |
| Ilghnéitheach | 2 | 5 |
| | **92** | **112** |

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | — | 267 |
| Árachas Sóisialta Pá-Coibhneasta | — | 119 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 8 | 8 |
| Cáin Bhreisluacha | 32 | 38 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | — | 1 |
| Creidiúnaithe Eile | 1 | — |
| | **41** | **433** |

## 2.7 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 1,028 | 1,217 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (1,036) | (1,145) |
| **Glandliteanas don Státchiste** | **(8)** | **72** |
| **Árna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 92 | 112 |
| | **92** | **112** |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (59) | 393 |
| Dlite don Stát | (41) | (433) |
| | **(100)** | **(40)** |
| | **(8)** | **72** |

## 2.8 Ceangaltais

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | €000 | €000 |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | **705** | **207** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fho-mhírcheann

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tugann an nóta seo a leanas anailís ar an chaiteachas riaracháin don Vóta agus achoimre ar na fáthanna do athrúcháin shuntasacha (+/- 25% & €100,000). Tá caiteachas riaracháin roinnte tríd na chláir, le costais chláir iomlán a chur i láthair.

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháín** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 11,263 | 10,463 | 10,283 |
| ii | Taisteal agus cothú | 170 | 178 | 153 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 610 | 647 | 637 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 70 | 54 | 64 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TFC seachtracha | 576 | 655 | 653 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 160 | 96 | 142 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 50 | 4 | 41 |
| viii | Saineolas dlí faoi chonradh | 350 | 194 | 215 |
| | | **13,249** | **12,291** | **12,188** |

**Athraithe suntasacha**

*viii* *Saineolas dlí faoi chonradh*

Soláthar mheastacháin: €350,000, toradh: €194,000

Bhí coigilteas ann faoin Fo-mhírcheann seo toisc riachtanas níos lú ná mar a bhí réamh-mheasta maidir le saineolas dlí faoi chonradh.

## Clár A Seachadadh seirbhísí gairmiúla dlí don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | 11,263 | 10,463 | 10,283 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 1,986 | 1,828 | 1,905 |
| A.3 | Síntiúis d'Eagrais Idirnáisiúnta | 38 | 35 | 34 |
| A.4 | An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí | 2,239 | 2,187 | 1,878 |
| A.5 | Costais ghinearálta dhlí | 140 | 27 | 121 |
| | | **15,666** | **14,540** | **14,221** |

**Athraithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí caiteachas Clár A €1.13 milliún níos ísle ná mar a sholathraíodh. Bhain €958,000 de sin le caiteachas riaracháin agus an iarmhéid de €168,000 mar thoradh go príomha ar an méid a leanas:

*A.4 An Coimisiún Um Athchóiriú an Dlí*

Soláthar mheastacháin: €2.24 milliún, toradh: €2.19 milliún

Bhí easnamh i gcaiteachas de €52,000 i gcoibhneas leis an soláthar mheastacháin toisc choigilteas tuarastal a d'eascair ó fhad an ama a glacadh chun poist cheadaithe a líonadh.

*A.5 Costais ghinearálta dhlí*

Soláthar mheastacháin: €140,000, toradh: €27,000

Bhí easnamh sa chaiteachas de €113,000 i gcoibhneas leis an soláthar mheastacháin toisc chostais níos lú ná mar a bhí réamh-mheasta do Abhcóide.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Faighte** | **Faighte** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Ilghnéitheach | 8 | 64 | 134 |
| 2. | Fáltais de bharr asbhaintí pinsean-ghaolmhara as luach saothair na seirbhíse poiblí | 758 | 604 | 609 |
| | **Iomlán** | **766** | **668** | **743** |

**Athraithe suntasacha**

Bhí leithreasaí-i-gcabhair €98,000 níos lú ná an meastachán ar an iomlán.

Tá míniúcháin maidir leis na hathraithe leagtha amach thíos:

*1 Ilghnéitheach*

Soláthar mheastacháin: €8,000, toradh: €64,000

Bhí fáltais bhreise de €56,000 mar thoradh ar luach saothair breise arna fháil ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí ó fholigean urlár amháin d'fhoirgneamh an Choimisiúin.

*2 Fáltais de bharr asbhaintí pinsean-ghaolmhara as luach saothair na seirbhíse poiblí*

Soláthar mheastacháin: €758,000, toradh: €604,000

D'eascair easnamh de €154,000 toisc nach raibh gach post a bhí ceadaithe líonta i gcónaí i gcaitheamh na bliana.

# Nóta 5 Líon Fostaithe agus Pá

## 5.1 Líon fostaithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisigh lánaimseartha) | **151** | **150** |

## 5.2 Pá

| | 2016<br>€000 | 2015<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 9,571 | 9,450 |
| Iomarcaíocht agus scaradh | 42 | — |
| Liúntais le haghaidh dualgais arda, speisialta nó bhreise | 75 | 81 |
| Ragobair | 18 | 16 |
| ÁSPC an Fhostóra | 757 | 736 |
| **Pá Iomlán** | **10,463** | **10,283** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí de €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair<br>2017<br>€ | Uasíocaíocht aonair<br>2016<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais arda, speisialta nó bhreise | 15 | 3 | 12,911 | 18,518 |
| Ragobair agus tinrimh bhreise | 8 | — | 1,341 | 1,510 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 1 | — | 7,750 | 8,870 |

## 5.4 Iomarcaíocht agus scaradh

Fuair fostaí amháin íocaíochtaí in 2017 de mhéid iomlán €7,092 maidir le hiomarcaíocht mar aon le €35,456 maidir le scaradh.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí

Bhí ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana de €15,402 (6 chás), 2016 €0. Cuireadh socruithe aisghabhála i bhfeidhm i 2018.

## Aguisín A Cuntais comhlachtaí agus cistí faoi choimirce na hOifige

Tá na comhlachtaí atá faoi choimirce na hOifige liostaithe sa tábla thios. Léirítear, ag data sinithe an chuntais, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus cathain ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Comhlacht/ciste rannach | An tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta thuarascáil an iniúchta | Dáta faighte ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe * | Dáta curtha faoi bhráid an Oireachtais |
|---|---|---|---|---|
| An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí | 2016 | 2 Deireadh Fómhair 2017 | 10 Deireadh Fómhair 2017 | 18 Deireadh Fómhair 2017 |

* Tá an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe freagrach as ráitis airgeadais an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.